# AN FUADACH

ROBERT LOUIS STEVENSON
Aistrithe agus oiriúnaithe ag Darach Ó Scolaí

LEABHAR BREAC

An Chéad Eagrán 2016
An t-eagrán seo © Leabhar Breac 2016
An téacs seo © Darach Ó Scolaí 2016

An t-eagrán crua: 978-1-909907-65-2
An t-eagrán bog: 978-1-909907-66-9

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus dearadh clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Ealaín: N.C. Wyeth

*Táimid buíoch den Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta as maoiniú a chur ar fáil don fhoilseachán seo.*


An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Clódóireacht: Clódóirí Lurgan

*Tugann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgid do Leabhar Breac*

the arts council an chomhairle ealaíon
cistiú litríocht artscouncil.ie

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com


Gaeltacht na hAlban 1751
An Turas a thug Dáibhí Balfúr ó Earraid go Sruighlea
An tOileán Scitheanach
Loch Abair
An Gearasdan
Binn Eallair
Loch Eireacht
Aird Ghabhar
An Mám Mór
Gleann Comhann
Loch Raineach
An Mhorbhairne
An Linn Dhubh
Dúrar
An Apainn
Tórasaidh
Loch Eite
Gleann Urchaidh
Muile
Í ChoLm Cille
An Ros
Earraid
Na Torrain
An Linn Latharna
Earra Ghael
Both Chuidir
Sruighlea
An Abhainn Dhubh
Íle

# I

## Tosaím ar mo Thuras go Teach na gCraobh

Maidin amháin i mí an Mheithimh sa bhliain 1751 a thosaíonn mo scéal, nuair a bhain mé an eochair as an doras i dteach m'athar den uair dheireanach. Thosaigh an ghrian ag soilsiú ar bharra na gcnoc agus mé ag siúl an bhóthair agus, faoin am ar bhain mé amach teach an mhinistir, bhí an lon dubh ag ceol i líológa an ghairdín agus ceo na maidine ag ardú sa ghleann. Bhí an Caimbéalach féin, Ministir Easáin Deathain, ina sheasamh romham ag an ngeata. D'fhiafraigh sé díom ar ith mé bricfeasta agus, nuair a d'inis mé dó gur ith, thóg sé mo lámh faoina ascaill.

'A Dháibhí, a bhuachaill,' ar sé, 'siúlfaidh mé chomh fada leis an áth leat, le tús a chur le d'aistear.'

Tar éis tamaill dúinn ag siúl go ciúin, d'fhiafraigh sé díom an mbeadh cumha orm i ndiaidh Easáin Deathain.

'Dá mbeadh a fhios agam cá raibh mo thriall nó céard a bhí i ndán dom, d'fhéadfainn freagra a thabhairt ort,' a dúirt mé. 'Áit bhreá é Easán Deathain, agus bhí mé an-sásta ann — cé nach raibh mé riamh taobh amuigh den ghleann—ach tharla m'athair is mo mháthair básaithe anois, ní bheidh mé níos gaire

dóibh anseo ná mar a bheinn i Ríocht na hUngáire nó in áit ar bith eile ar domhan. Agus déanta na fírinne, táim breá sásta imeacht liom san áit a ndéanfaidh mé mo leas.'

'Fágtar fúmsa, mar sin, a insint duit céard atá i ndán duit. Nuair a cailleadh do mháthair, d'fhág d'athair — go ndéana Dia a mhaith orthu — litir faoi mo chúram, ina bhfuil d'uacht, agus d'iarr sé orm í a thabhairt duit nuair a bheadh cúraimí an tí curtha i gcrích, agus thú a threorú go Teach na gCraobh i ngar do Chathair Amain, mar gurbh as sin dó féin.'

'Teach na gCraobh!' a scairtimse amach. 'Cén bhaint a bhí ag m'athair lena leithéid d'áit?'

'Níl a fhios agam,' a dúirt an ministir, agus shín sé an litir isteach i mo láimh. 'Ach is ionann sloinne daoibh, mar is le muintir Bhalfúr Teach na gCraobh. Teach measúil láidir a bhí ann sa tseanaimsir, ach tá sé tite i léig le blianta anuas. Dar ndóigh, fear léannta dea-labhartha a bhí i d'athair agus ba mhinic i mo chuideachtasa é ag comhrá leis na huaisle. Agus seo í an litir féin agus scríbhneoireacht d'athar ar an gclúdach, ar dheis Dé go raibh sé.'

Léigh mé an scríbhneoireacht ar an gclúdach: L*e cur i lámha* E*ibinéasar* U*asal* B*alfúr i d*T*each na g*C*raobh, ag mo mhac,* D*áibhí* B*alfúr*. Bhí mo chroí ag bualadh le scleondar — agus an saol ag oscailt amach roimh stócach seacht mbliana déag, mac múinteora bhoicht ó Choill Eadaraig.

'A mhinistir,' arsa mise go briotach, 'dá mbeifeá i mo chás-sa, an ngabhfá ann?'

'Ghabhfainn, cinnte,' arsa an ministir, 'agus ní chuimhneoinn amháin air. Ní thógfadh sé dhá lá ar scorach breá mar thú féin siúl chomh fada le Cathair Amain (atá i ngar do Dhún Éideann). Agus dá dtagadh sé go dtí é, agus dá dtabharfadh do dhaoine

muinteartha an bóthar duit (mar glacaim leis gur daoine muinteartha leat iad), ní bheadh le déanamh agat ach siúl ar ais arís agus bualadh ar dhoras theach an mhinistir. Ach bheinn ag súil go gcuirfí fáilte romhat, mar ba thoil le do d'athair é, agus go ngabhfá chun cinn go mór sa saol in am cuí. Anois, a Dháibhí, a bhuachaill,' ar sé, 'tharla gur ag scaradh atáimid, luíonn sé ar mo choinsias comhairle do leasa a chur ort agus tú a chur ar d'airdeall ar chontúirtí an tsaoil.'

Chuaigh sé ag cuardach suíochán compordach dó féin, agus tháinig ar mhoghlaeir mór faoi chrann beithe ar thaobh an chosáin, agus shuigh air go tromghnúiseach. Bhí an ghrian idir dhá bhinn sléibhe agus í ag scaladh anuas orainn. Shocraigh sé a chiarsúr ar a hata débheannach mar scáth i gcoinne an teasa. Ansin, agus a mhéar crochta aige orm, chuir sé ar m'airdeall mé ar líon mór eiriceachtaí nár bhaol dom riamh iad, agus mhol dom an Bíobla a léamh agus mo chuid paidreacha a rá i gcónaí.

Nuair a bhí sé sin déanta aige, rinne sé cur síos dom ar an teach mór a raibh mé ag tarraingt air, agus ar an gcaoi a gcaithfinn le muintir an tí.

'Ná cuir aon suim, a Dháibhí, sna rudaí ar cuma ann nó as iad,' ar sé. 'Cuimhnigh air seo, cé go bhfuil fuil uasal ionat, is faoin tuath a tógadh tú. Ná náirigh muid, a Dháibhí, ná náirigh muid. Sa teach mór millteach sin, lán le seirbhísigh den uile chineál, taispeáin go bhfuil tú chomh séimh múinte géarchúiseach, agus chomh meáite i do chuid cainte, le duine ar bith. Maidir leis an tiarna — cuimhnigh gurb é an tiarna é — ní déarfaidh mé ach onóir a thabhairt don té ar dual dó í. Ábhar sásaimh do dhuine, go mór mór don duine óg, seirbhís a thabhairt dá thiarna.'

'Is cinnte gurb ea,' a deirimse, 'agus déanfaidh mé gach iarracht do chomhairle a leanúint.'

'Is maith sin,' a d'fhreagair an ministir go croíúil. 'Agus anois caithfidh mé tagairt a dhéanamh do nithe tábhachtacha, nó (le bheith pointeáilte faoi) do rudaí neamhthábhachtacha. Tá beart beag anseo agam a bhfuil ceithre rud ann.' Tharraing sé an beart as póca eireabaill a chóta. 'Ar na ceithre rud sin, is leat féin ó cheart an chéad rud, an beagán beag airgid seo as díol leabhar is troscáin d'athar, ábhar a cheannaigh mé le díol leis an máistir nua agus le brabús beag a dhéanamh dom féin — mar a bhí curtha in iúil agam ón tús. Féiríní beaga atá sna trí rud eile, agus ba mhór agam féin agus ag mo bhean dá nglacfá leis na bronntanais seo uainn. Tá an chéad rud cruinn, agus taitneoidh sé leat ar an gcéad amharc, ach níl ann ach braon uisce san fharraige mhór. Cabhróidh sé leat ar dtús, ach ní bheidh sé i bhfad agat. Tá an dara rud cothrom cearnógach agus tá scríbhneoireacht air agus seasfaidh sé duit i gcaitheamh do shaoil, mar a bheadh maide maith siúil don bhóthar, nó piliúr faoi do cheann ar do leaba bhreoiteachta. Agus an rud deireanach, is ciúb atá ann agus is é mo ghuí gurb é a sheolfaidh tú go dtí na críocha beannaithe.'

Leis sin d'éirigh sé ar a chosa, bhain de a hata, agus dúirt paidir os ard ar son an óigfhir a bhí ag tabhairt a aghaidhe ar an saol. Rug sé barróg orm agus d'fháisc go teann mé, ansin sheas sé siar uaim, dreach duairc brónach air, agus chas sé ar a chois agus, tar éis beannacht a chur orm, d'imigh sé leis ar bogshodar ar ais sa treo as ar thángamar. Bhainfeadh sé gáire as duine, ach ní fonn gáire a bhí ormsa. Choinnigh mé mo shúil air gur imigh sé as amharc. Níor mhaolaigh sé ar a shiúl ná níor bhreathnaigh sé siar oiread is uair amháin. Ansin rith sé liom gurb é m'imeachtsa ba chiontach leis an mbuairt a bhí air, rud a ghoil orm mar, ó mo

thaobhsa de, bhí mé breá sásta agus mé ag imeacht ón dúiche chiúin sin agus mé ar mo bhealach go teach mór gnóthach, áit a mbeinn i measc uaisle rachmasacha de mo chine agus de mo shloinne féin.

'A Dháibhí, a Dháibhí,' a deirim liom féin, 'ar saolaíodh riamh duine chomh míbhuíoch leat? An leor ainm duine a lua le go ligfeá i ndearmad do sheanchairde agus an mhaith a rinne siad ort? Mo náire thú!'

Shuigh mé ar an moghlaeir, mar a raibh an duine cóir ina shuí romham, agus d'oscail mé an beart go bhfeicfinn céard a bhí sna bronntanais. An rud ciúbach sin ar thagair sé dó, mar a shíl mé, ba bhíobla beag a bhí ann, an cineál a d'iompródh duine i mbinn a bhreacáin. An rud a bhí cruinn, bonn scillinge a bhí ann. Agus an tríú rud — rud a chabhródh liom le linn sláinte is tinnis go deireadh mo shaoil — ba phíosa páipéir garbh buí a bhí ann, agus é seo scríofa air i ndúch dearg:

> 'CHUN UISCE LILE NA *n*GLEANNTÁN A DHÉANAMH: *Cuir bláthanna lile na ngleanntán á ndriogadh i bhfíon saic, agus ól lán spúnóige nó dhó de réir mar a bheidh sé ag teastáil. Tugann sé an chaint ar ais dóibh siúd a bhfuil pairilis na bailbhe orthu. Is maith é in aghaidh an ghúta. Tugann sé aoibhneas don chroí agus neart don mheabhair. Má chuireann tú na bláthanna i ngloine faoi shéala, agus an ghloine a fhágáil ar feadh míosa faoi nead seangán, ansin, ar a tógáil amach, beidh deoch mheisciúil agat de shú na mbláthanna. Coinnigh i soitheach beag í agus déanfaidh sí soilíos d'fhir agus do mhná, do shlán agus d'easlán.*'

In aguisín i láimh an mhinistir bhí: *Agus in aghaidh leonta, cuimil an deoch den leonadh, agus don choiliceam, lán spúnóige móire gach uair an chloig.*

Ní miste a rá go ndearna mé gáire faoi seo, ach gáire neirbhíseach a bhí ann, agus bhí áthas orm nuair a bhí mo mhála crochta ar bharr mo mhaide agam, mé ag gabháil trasna an átha agus in airde an chnoic ar an taobh thall. Nuair a bhain mé amach an bóthar glas leathan tríd an bhfraoch, bhreathnaigh mé den uair dheireanach ar eaglais Easáin Deathain, ar na crainn mórthimpeall ar theach an mhinistir, agus ar na crainn mhóra chaorthainn sa reilig mar a raibh m'athair is mo mháthair sínte.

# 2

## Tagaim go Deireadh an Aistir

Roimh mheán lae ar an dara lá, ar theacht go barr an chnoic dom, chonaic mé an tír ar fad ag titim uaim le fána i dtreo na farraige, agus i lár an fhánáin, ar iomaire fhada, bhí cathair Dhún Éideann agus an deatach ag éirí aisti mar a bheadh tornóg aoil ann. Bhí bratach ar an gcaisleán, agus longa ag gluaiseacht nó ar ancaire sa chaolsáile. Bhí an dá rud sin le feiceáil go soiléir agam agus, cé go raibh mé tamall maith uathu, phreab mo chroí bocht tuaithe i mo bhéal ar a bhfeiceáil dom.

Go gearr ina dhiaidh sin, tháinig mé ar theach aoire agus fuair mé fios an bhealaigh go Cathair Amain agus, as sin, rinne mé mo bhealach siar thar an bpríomhchathair go Baile Cholgain, gur tháinig mé amach ar bhóthar Ghlaschú. Agus ansin — rud a chuir aiteas is iontas orm — chonaic mé reisimint ag máirseáil le ceol na bhfífeanna, gach céim ar comhbhuille, seanghinearál dearg-ghnúiseach ar chapall liath ar a gceann, agus complacht gránádóirí, lena gcuid hataí easpaig, ar deireadh. Tháinig spreacadh nua ionam ar a bhfeiceáil dom ina gcótaí dearga agus ar chloisteáil dom an ceol meidhreach a bhí á sheinm acu.

Ba ghearr go raibh mé i bparóiste Chathair Amain, agus

thosaigh mé ag cur tuairisce Theach na gCraobh. Shílfeá gur chuir an cheist iontas ar dhaoine. Ar dtús, shíl mé gur mise ba chúis leis sin, agus nach raibh an chuma bhocht a bhí orm i mo chuid éadaigh tuaithe — agus mé clúdaithe i ndeannach an bhóthair — ag réiteach le cáil na háite a raibh mé ag dul ann. Ach tar éis dom an fhéachaint agus an freagra céanna a fháil ó chúpla duine, thosaigh mé ag ceapadh go raibh aistíl éigin ag baint le Teach na gCraobh féin.

Le teacht ar an bhfírinne shocraigh mé malairt crutha a chur ar mo chuid ceisteanna agus, nuair a chonaic mé duine bocht ag teacht chugam ar leathlaí a chairr, d'fhiafraigh mé de ar airigh sé caint riamh ar Theach na gCraobh.

Stop sé an carr agus bhreathnaigh orm, mar a rinne an chuid eile.

'D'airigh,' ar sé. 'Cén fáth?'

'Teach mór atá ann, nach ea?' a d'fhiafraigh mé.

'Gan dabht,' ar seisean. 'Teach mór millteach atá ann.'

'Ach,' a deirimse, 'na daoine atá ina gcónaí ann?'

'Daoine?' a scairt sé amach. 'An bhfuil tú glan as do mheabhair? Níl duine ar bith ansin ar fiú duine a thabhairt air!'

'Céard é seo?' a deirimse. 'Agus an tUasal Eibinéasar?'

'Tá an tiarna ann, go dearfa,' ar sé, 'ach cén gnó a bheadh agat leis siúd, a scoraigh?'

'Dúradh liom go bhfaighinn obair ann,' arsa mise, gan aon ghothaí a chur orm féin.

'Céard é seo!' a bhéic an carraeir chomh hard agus gur scanraigh sé an capall. 'Anois, a scoraigh,' ar sé liom, 'ní ag insint fios do ghnóthaí duit é, ach is fear breá dea-labhartha thú, agus má ghlacann tú le mo chomhairlese fanfaidh tú glan ar Theach na gCraobh.'

Casadh firín néata piocúil orm a raibh peiriúic álainn bhán air agus d'aithin mé gurbh é an bearbóir é agus é ag dul i mbun a ghnóthaí. Tharla go bhfuil cáil na cabaireachta ar bhearbóirí, chuir mé ceist glan amach air cén sórt duine a bhí i mBalfúrach na gCraobh.

'Amaidí!' arsa an bearbóir. 'Ní fear ar bith é!' Agus d'fhiafraigh sé díom cén gnó a bhí agam leis, ach níor lig mise eolas ar bith leis.

Is deacair cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar chuir sé seo an pictiúr a bhí i m'intinn agam ar neamhní. Dá mhéad éiginnteachta a bhain leis an droch-cháil a bhí á cur air is ea a mhéadaigh an droch-cháil sin i m'intinn. Cén sórt tí mhóir a d'fhágfadh muintir an pharóiste ag stánadh orm nuair a d'iarrfainn fios an bhealaigh orthu? Cén sórt duine uasail é seo a bhfuil oiread de dhroch-chlú amuigh air? Dá bhféadfainn filleadh ar Easán Deathain in uair an chloig de shiúl na gcos bheinn casta ar mo shál agus fillte ar theach an mhinistir.

Ach tharla mé tagtha chomh fada seo, níl ligfeadh an náire dom géilleadh nó go bhfeicinn cén fhírinne a bhí sa mhéid a bhí cloiste agam. Agus, cé nár thaitin na scéalta sin liom, choinnigh mé orm.

Bhí an ghrian ag dul faoi nuair a casadh buta de bhean dhubh shearbhghnúiseach orm agus í ag teacht go tromchosach anuas le fána chugam. Nuair a chuir mé mo sheancheist uirthi, chas sí thart go tobann agus thug sí ar ais suas go barr an aird mé, agus dhírigh sí méar ar fhoirgneamh mór millteach a bhí ina sheasamh go lom ar phlásóg ghlas sa ghleann ba ghaire dúinn. Mórthimpeall air, bhí cnocáin bheaga, srutháin is coillte áille, agus ba léir dom go raibh barraí ag fás sna páirceanna. Ach ba gheall le fothrach an teach féin. Ní raibh bóthar go dtí é, ná

deatach ó aon cheann de na simléir, agus ní raibh gairdín ar bith le feiceáil ann. Thit mo chroí i mo chliabhrach.

'An é sin é?' a deirimse.

Las éadan na mná le fearg.

'Sin Teach na gCraobh!' ar sise. 'Le fuil a tógadh é, le fuil a stopadh á thógáil, agus is le fuil a thitfidh sé. Féach anois!' ar sí, agus d'iompaigh a glór ina holagón síúil, 'Caithim mo sheile ar an talamh agus bainim cnag as m'ordóg leis! Mo mhallacht air! Má fheiceann tú an tiarna abair an méid seo leis. Abair gurb é an naoú huair déag is dhá chéad déag ag Sinéad Chlústan é a mallacht a chur air féin is ar a theach, ar a chró is ar a stábla, agus orthu ar fad, idir fhear, chuairteoir, mháistir, bhean, iníon is mhac, mo mhíle mallacht orthu go léir!'

Chas sí ar a cois agus d'fhág ansin mé, mo ghruaig ina colgsheasamh agus an lúth bainte as mo chosa aici. Shuigh mé ar an talamh agus bhreathnaigh go grinn ar Theach na gCraobh. Dá fhaid a bhí mé ag breathnú air is ea is mó a thaitin an tír mórthimpeall liom—na páirceanna breac le caoirigh, na sceacha faoi bhláth, scata breá caróg sa spéir, agus gach dealramh ar an talamh agus ar an aimsir. Ach ina dhiaidh sin is uile, níor thaitin liom an bheairic mhór sin ina lár.

Bhí mé i mo shuí ansin le taobh na claise agus muintir na háite ag dul tharam ar a mbealach as na páirceanna, ach ní raibh sé de ghus ionam forrán a chur orthu. Faoi dheireadh, chuaigh an ghrian faoi agus, ansin, chonaic mé dlaoi bheag dheataigh in aghaidh na spéire buí. Ní raibh de thiús ann, dar liom, ach deatach coinnle, ach ina dhiaidh sin is uile, san áit a raibh deatach bheadh teas, bia á réiteach, agus an té a d'fhadaigh an tine sin. D'ardaigh sé mo chroí.

Lean mé rian cosáin tríd an bhféar i dtreo an tí. Ní fhéadfaí

cosán a thabhairt air bhí sé chomh deacair é a fheiceáil, ach níor léir go raibh bealach ar bith eile i dtreo an tí. Tar éis tamaill, tháinig mé chomh fada le dhá philéar geata. Lena dtaobh bhí teach lóiste gan díon, agus cóta armais ar a bharr. Ba léir go raibh sé i gceist bealach isteach chun an tí a dhéanamh anseo, ach nár críochnaíodh an obair riamh. In áit gheata iarainn bhí dhá chleith ceangailte le rópa súgáin idir an dá philéar, ach tharla nach raibh balla ar bith timpeall na háite, lean mé an rian tríd an bhféar ar dheis timpeall ar an dá philéar agus choinnigh orm i dtreo an tí.

De réir mar a bhí mé ag teacht níos gaire don teach bhí cuma níos measa ag teacht air. Ba chosúil nár críochnaíodh sciathán amháin den teach, áit a raibh na hurláir uachtaracha oscailte agus céimeanna staighre le feiceáil in aghaidh na spéire. Bhí go leor de na fuinneoga gan pánaí gloine iontu, agus sciatháin leathair ag eitilt isteach is amach mar a bheadh colúir i gcolmlann.

Bhí an oíche ag titim agus mé ag druidim leis an teach agus, i dtrí cinn de na fuinneoga cúnga íochtaracha, a bhí go hard ón talamh agus a raibh barraí maithe láidre orthu, bhí solas tine le feiceáil. Arbh é seo an pálás ar a raibh mo thriall? An sna ballaí seo a bhí m'fhortún le déanamh agam? I dteach m'athar ar bhruach an Easáin, bhíodh an tine agus na soilse geala le feiceáil míle ó láthair, agus an doras ar oscailt do bhacaigh an bhóthair. Rinne mé mo bhealach go cúramach i dtreo an tí agus scríobadh soitheach le cloisteáil agam, agus casacht tirim ó am go chéile, ach ní raibh glór fir le cloisteáil ná tafann madra.

Sa liathsholas ba léir dom gur clár mór adhmaid a bhí sa doras agus é breactha le tairní. Thóg mé mo lámh go lagchroíoch agus bhuail cnag ar an doras. D'imigh nóiméad go ciúin agus ní raibh ag corraí ach na sciatháin leathair os mo chionn. Bhí an

teach ina thost. Bhuail mé cnag eile ar an doras, agus bhí mo chluasa chomh cleachta ar an gciúnas faoin am sin gur chuala mé ticeáil an chloig agus na soicind á gcomhaireamh aige taobh istigh. Ach pé duine a bhí sa teach, ba léir go raibh sé ina sheasamh gan cor as agus gan anáil fiú á tarraingt aige.

Chuimhnigh mé ar dtús ar imeacht de rith as an áit, ach fuair an fhearg an ceann is fearr orm agus thosaigh mé ag gabháil de mo chois ar an doras agus ag glaoch amach os ard ar an Uasal Balfúr. Bhí mé faoi lánseol nuair a chuala mé casacht os mo chionn. Thug mé léim i ndiaidh mo chúil agus d'fhéach in airde. I gceann d'fhuinneoga an chéad urláir bhí cloigeann fir is caipín oíche air, agus béal leathan mhotharghunna.

'Tá sé luchtaithe,' arsa an glór.

'Táim tagtha anseo le litir,' arsa mise, 'd'Eibinéasar Uasal Balfúr de Theach na gCraobh. An bhfuil sé anseo?'

'Cé uaidh í?' a d'fhiafraigh fear an mhothair.

'Nach cuma,' a deirimse, agus cuthach feirge orm.

'Féadfaidh tú í a leagan ar chéim an dorais,' ar sé, 'agus imeacht.'

'Ní dhéanfaidh mé aon cheo dá shórt,' a deirimse. 'Tá sí le leagan i láimh an Uasail Balfúr agam, mar a bhí mé ceaptha a dhéanamh. Is litir aitheantais í seo.'

'Céard é sin?' arsa an guth go géar.

Dúirt mé arís é agus d'fhiafraigh sé díom cé mé féin.

'Ní cúis náire dom a rá,' a deirimse, 'gur Dáibhí Balfúr atá orm.'

Chaithfeadh sé gur baineadh preab as an bhfear, mar bhain an mothar gliogarnach as leac na fuinneoige. Tar éis tosta ghearr, d'athraigh tuin na cainte aige nuair a labhair sé arís: 'An bhfuil d'athair tar éis bháis?'

Baineadh an chaint díom.

